

# Clár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna

## Eolas do scoileanna

Lúnasa 2024

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Clár


| | leathanach |
|---|---|
| **Réamhrá** | **1** |
| Amlíne | 1 |
| Aidhmeanna | 1 |
| Cad atá á thairiscint ag Clár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna? | 2 |
| Leithdháiltí, a luach, agus costas na n-ábhar | 2 |
| Meastóireacht | 3 |
| **Conas a oibríonn sé** | **4** |
| An próiseas | 4 |
| Téarmaí agus coinníollacha do scoileanna rannpháirteacha | 4 |

| | leathanach |
|---|---|
| **Speisialtóirí oidhreachta** | **6** |
| **Oidhreacht chultúrtha** | **6** |
| Jenna Byers | 6 |
| Francesca Cadeddu | 7 |
| Francesca Callaghan | 7 |
| Martin Curley | 8 |
| Bernadette Doherty | 8 |
| Jeremiah Garsha | 9 |
| Ann Gerety Smyth | 9 |
| Stephen Mandal | 10 |
| David McLoghlin | 10 |
| Tori McMorran | 11 |
| Dave Swift | 11 |
| Rachel Uí Fhaoláin | 12 |
| **Scileanna tógála & ceardaíochta oidhreachta** | **13** |
| Paddy Byrne | 13 |
| Helena Golden | 13 |
| Sara Leach | 14 |
| Killian O'Flaherty | 14 |
| Matt Whelan | 15 |
| **Oidhreacht nádúrtha** | **16** |
| Katriina Bent | 16 |
| Annette Corkery | 16 |
| Una Halpin | 17 |
| Aengus Kennedy | 17 |
| David McCann | 18 |
| Niamh Ní Dhúill | 18 |
| Albert Nolan | 19 |
| Siobhán Sloane | 19 |

# Réamhrá

**Is tionscnamh 'oidhreacht san oideachas' de chuid na Comhairle Oidhreachta é Clár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna. Cuireann sé painéal speisialtóirí oidhreachta ar fáil a thugann cuairt ar ghrúpaí Idirbhliana in iar-bhunscoileanna rannpháirteacha chun a gcuid saineolais ar oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha na hÉireann a roinnt.**

## Amlíne

Reáchtálfar Clár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna le linn na scoilbhliana 2024/25. Tabharfaidh Eoin Ó Donnchadha, Oifigeach Forbartha Beartais Oidhreacht san Oideachas na Comhairle Oidhreachta, cuireadh foirmiúil do na chéad scoileanna páirt a ghlacadh sa chlár le linn théarma an tsamhraidh 2024. Déanfar tairiscintí breise le linn na bliana acadúla 2024/25 de réir mar a théann an tionscadal chun cinn agus de réir mar a bhunaítear é.

## Aidhmeanna

Is iad seo a leanas aidhmeanna Chlár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna:

1. Modheolaíocht a fhorbairt, a thriail agus a mheasúnú chun Oidhreacht sna Scoileanna a thabhairt isteach in iar-bhunscoileanna;
2. Níos mó suime, feasachta agus meas ar an oidhreacht a chothú in iar-bhunscoileanna (ina foirmeacha éagsúla). Is éard atá i gceist leis seo ná scoláirí agus a gcuid múinteoirí a spreagadh chun dul i ngleic leis an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta (de réir mar is cuí don churaclam, agus trí úsáid a bhaint as foghlaim ghníomhach agus/nó áitbhunaithe nuair is féidir);
3. Deiseanna a thairiscint do scoláirí agus do mhúinteoirí chun cur lena n-eolas ar ábhair a bhaineann leis an oidhreacht trí dhul i dteagmháil (a) go díreach leis an oidhreacht agus (b) le saineolas na speisialtóirí oidhreachta;
4. Freagairt (nuair is féidir) do riachtanais agus do mhianta na múinteoirí agus na scoláirí maidir leis an oidhreacht san oideachas mar a shainaithnítear inár dtaighde.

## Cad atá á thairiscint ag Clár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna?

Bainfear na haidhmeanna amach trí phainéal de speisialtóirí oidhreachta a sholáthar a chuimsíonn pobal cleachtóirí, a roinneann dea-chleachtas, agus atá tiomanta d'eispéiris ghníomhacha foghlama a chur ar fáil a thacaíonn le haidhmeanna chláir Idirbhliana na scoileanna rannpháirteacha.

Is iad seo a leanas na seirbhísí a chuireann speisialtóirí oidhreachta ar fáil do na scoileanna rannpháirteacha:

- **Cuairteanna lae i bpearsa**, ar féidir leo a bheith mar aon cheann díobh seo a leanas:
  - Cuairteanna lae iomlána (.i. breis is 5 uair an chloig teagmhála)
  - Cuairteanna leathlae (.i. idir 3 agus 4 huaire an chloig teagmhála), nó
  - Cuairteanna seisiúin aonair (.i. idir 1 agus 2 uair an chloig teagmhála)

- **Modúil** Idirbhliana arna bhforbairt go comhoibríoch, comhdhéanta de
  - 6 sheisiún aonair san iomlán in aghaidh an mhodúil (ceann amháin in aghaidh na seachtaine ar feadh 6 seachtaine de ghnáth)
  - Am idirchaidrimh agus pleanála idir an speisialtóir oidhreachta agus an múinteoir cuí

## Leithdháiltí, a luach, agus costas na n-ábhar

Tabharfar leithdháileadh cuairteanna do scoileanna rannpháirteacha le 'caitheamh' trínár bpainéal de speisialtóirí oidhreachta (sonraí thíos). **Íocfaidh an Chomhairle Oidhreachta táillí seachadta na speisialtóirí oidhreachta as gach cuairt lae i bpearsa a shanntar agus a cheadaítear agus as modúil chomhoibritheacha Idirbhliana.** Mar thoradh air sin, meastar, **i dtromlach na gcásanna, nach mbeidh ar scoileanna aon rud a íoc** leis na speisialtóirí ónár bpainéal as cuairteanna a bheidh ar siúl mar chuid de Chlár Píolótach na hIdirbhliana. Féadfaidh speisialtóirí aonair, áfach, le comhaontú roimh ré leis an scoil, táille ábhar breise a ghearradh (mar gheall ar nádúr a speisialtachta agus a gcuairteanna). Is í an scoil, ní an Chomhairle Oidhreachta, a íocfaidh costas na n-ábhar seo. Mar a chéile, níl aon chostais iompair chuig láithreán oidhreachta clúdaithe faoin scéim agus ní mór don scoil iad a íoc.

Nuair a ghlacfar go foirmiúil leo ar Chlár Píolótach na hIdirbhliana, tabharfar liúntas amháin nó an dá liúntas seo a leanas do na scoileanna rannpháirteacha le 'caitheamh' trínár bpainéal speisialtóirí:

1. Liúntas cuairte lae lena n-áirítear lá iomlán amháin, leathlae amháin, agus cuairt seisiúin aonair amháin;
2. Liúntas modúil comhoibritheach don Idirbhliain comhdhéanta de mhodúl amháin (i.e. 6 chuairt seisiúin aonair chomh maith le ham idirchaidrimh/pleanála)

Féadfar an tairiscint seo a leathnú de réir mar a théann Clár Píolótach na hIdirbhliana chun cinn, faoi réir ag cistí breise a bheith ar fáil.

Ba chóir go mbeadh scoileanna rannpháirteacha ar an eolas freisin go mbeidh an Chomhairle Oidhreachta ag tabhairt luach saothair do na saineolaithe oidhreachta ar cuairt mar seo a leanas as seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Chlár Píolótach na hIdirbhliana:

| Seirbhís | Táille don speisialtóir |
|---|---|
| Cuairt lae iomlán | €250 |
| Cuairt leathlae | €175 |
| Cuairt seisiún aonair | €75 |
| Modúl Idirbhliana (lena n-áirítear 6 sheisiún aonair & am idirchaidrimh) | €700 |

*Íoctar €0.434 in aghaidh an chiliméadair leis na speisialtóirí as taisteal suas le huasmhéid 200 ciliméadar anonn is anall.*

## Meastóireacht

Ní mór do scoileanna a ghlacann páirt i gClár Píolótach na hIdirbhliana aiseolas iomlán a thabhairt don Chomhairle Oidhreachta, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bpróiseas measúnaithe cáilíochta na Comhairle Oidhreachta ag deireadh na scoilbhliana 2024/25.

# Conas a oibríonn sé

## An próiseas

Nuair a ghlacfar le scoil ar Chlár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna, gheobhaidh siad leithdháileadh (.i. líon na gcuairteanna/modúil) le caitheamh tríd an bpainéal speisialtóirí oidhreachta. Ón am sin amach, is é seo a leanas an próiseas:

1. Is féidir le scoileanna ár leabhrán a úsáid chun breathnú tríd ár bpainéal speisialtóirí oidhreachta
2. Ansin déanann siad teagmháil go díreach le speisialtóir oidhreachta dá rogha féin chun fiosrú dhéanamh faoi chuairt/modúl
3. Tar éis cuairt/modúl a chomhaontú le speisialtóir, cabhraíonn an scoil leis an speisialtóir Foirm Iarratas Áirithinte 1A a chomhlánú (m.sh. trí uimhir rolla a thabhairt srl.)
4. Cuirfidh an speisialtóir an fhoirm seo ar aghaidh ansin chuig Eoin Ó Donnchadha de chuid na Comhairle Oidhreachta, a dhéanfaidh na sonraí a thaifeadadh agus a fhillfidh le faomhadh agus le huimhir áirithinte
5. Nuair a bheidh faomhadh faighte ag an speisialtóir, deimhneoidh siad é seo leis an scoil agus is féidir leis an gcuairt dul ar aghaidh
6. Ag deireadh na cuairte, déanfaidh an scoil foirm éilimh an speisialtóra a stampáil agus a shíniú chun a dheimhniú gur tharla an chuairt. Iarrfar orthu freisin suirbhé aiseolais a chomhlánú maidir leis an gcuairt, ar féidir é a sheoladh ar ríomhphost chuig eodonnchadha@heritagecouncil.ie. (Tabhair faoi deara: Sna cásanna sin ina bhfuil costas na n-ábhar aontaithe roimh ré, ba chóir don scoil iad seo a íoc leis an speisialtóir ar lá na cuairte).

## Téarmaí agus coinníollacha do na scoileanna rannpháirteacha

Aontaíonn na scoileanna rannpháirteacha cloí leis na téarmaí agus coinníollacha seo a leanas:

1. Ní féidir ach le scoileanna ar tugadh áit dóibh agus ar glacadh leo ar Chlár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna páirt a ghlacadh.
2. Gheobhaidh na scoileanna 'leithdháileadh buiséid' le haghaidh seirbhísí (m.sh. cuairteanna lae) le ‘caitheamh’ trínár bpainéal speisialtóirí oidhreachta ó Chlár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna.
3. Tabharfar leabhrán leictreonach do na scoileanna ina mbeidh sonraí na speisialtóirí

oidhreachta ar ár bpainéal, agus spreagfar iad chun a leithdháileadh a úsáid chun tairiscintí níos mó ná speisialtóir amháin a bhlaiseadh, i gcatagóirí oidhreachta éagsúla nuair is féidir.

4 Ní mór don scoil dul i dteagmháil leis an speisialtóir oidhreachta chun cuairteanna féideartha a phlé, agus caithfidh an dá pháirtí na dátaí agus na seirbhísí atá á gcur in áirithe a aontú. Déanfaidh an scoil agus an speisialtóir Foirm Iarratas Áirithinte 1A a chomhlánú le chéile ansin agus cuirfidh an speisialtóir é seo faoi bhráid eodonnchadha@heritagecouncil.ie le faomhadh 15 lá ar a laghad roimh dháta na cuairte/na gcuairteanna beartaithe. Nuair a bheidh faomhadh faighte agus uimhir áirithinte eisithe, is féidir dul ar aghaidh leis na cuairteanna ceadaithe faoin Chlár Píolótach na hIdirbhliana.

5 Íocfaidh an Chomhairle Oidhreachta na speisialtóirí as a gcuid ama agus saineolais le haghaidh cuairteanna ceadaithe (modúil san áireamh). I bhformhór na gcásanna ciallóidh sé seo nach gcaithfidh an scoil aon rud a íoc leis an speisialtóir. I gcásanna áirithe, áfach, le cead roimh ré ón gComhairle Oidhreachta, agus le comhaontú roimh ré idir an scoil agus an speisialtóir, is féidir táille a ghearradh ar scoil le haghaidh ábhar. I gcúinsí den sórt sin, tá sé de dhualgas ar an speisialtóir an scoil a chur ar an eolas go hiomlán faoi tháillí dá leithéid sula ndéantar áirithint. Ní mór don scoil aon táillí den sórt sin a chomhaontú agus glacadh leo i scríbhinn sula gcuirtear Foirm Iarratais Áirithinte 1a isteach. Nuair a bheidh siad socraithe, íocfaidh an scoil na táillí leis an speisialtóir ar chríochnú na cuairte/na gcuairteanna cuí.

6 Beidh an múinteoir ranga i láthair i gcónaí le linn na cuairte agus déanfaidh sé nó sí maoirseacht chuí ar na scoláirí.

7 Níor chóir go mbeadh níos mó ná 30 scoláire páirteach i gcuairt ag aon am ar leith.

8 Mar chuairteoir ar tugadh cuireadh dó, beidh an speisialtóir oidhreachta clúdaithe faoi árachas dliteanais phoiblí na scoile.

9 Beidh bailiú sonraí maidir le faisnéis teagmhála do rannpháirtithe an tseisiúin i gcomhréir leis an reachtaíocht RGCS.

10 Ní cheadaítear do rannpháirtithe sna scoileanna aon ghrianghraf, fístaifeadadh nó taifeadadh fuaime a dhéanamh ar sheisiúin gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón speisialtóir/na speisialtóirí oidhreachta cuí agus ón gComhairle Oidhreachta.

11 Ní dhéanfar naisc chuig acmhainní a sholáthraíonn an speisialtóir a roinnt le tríú páirtithe gan cead dearfa i scríbhinn ón speisialtóir.

12 Déanfar suirbhé meastóireachta a chomhlánú tar éis gach cuairte, agus ag deireadh Chlár Píolótach na hIdirbhliana, rachaidh scoileanna agus speisialtóirí i ngleic go hiomlán le próiseas measúnaithe na Comhairle Oidhreachta agus tabharfaidh siad aiseolas maidir lena dtaithí ar an gclár iomlán.

13 Nuair a bheidh cuairteanna gach speisialtóra críochnaithe, déanfaidh an scoil Foirm Éilimh Cuairte 2B an speisialtóra a shíniú agus a stampáil chun a dheimhniú go bhfuil na cuairteanna curtha i gcrích.

14 Cuirfear fógra 5 lá oibre ar a laghad ar fáil le haghaidh cealuithe. Tá an speisialtóir féinfhostaithe agus ní íocfar é má chuirtear cuairt ar ceal. Is féidir obair eile a shocrú má thugtar dóthain fógra.

15 Forchoimeádann an Chomhairle Oidhreachta an ceart chun na Téarmaí agus Coinníollacha seo a leasú roimh agus le linn Chlár Píolótach na hIdirbhliana chun freagairt d’aon saincheisteanna a d’fhéadfadh teacht chun cinn.

# Speisialtóirí Oidhreachta

Gheobhaidh tú sonraí thíos faoi na speisialtóirí oidhreachta a bhfuil rochtain ar a gcuid seirbhísí trí Chlár Píolótach na hIdirbhliana de chuid Oidhreacht sna Scoileanna. Tá réimsí saineolais agus eolas teagmhála liostaithe. Más spéis leat cuid de do leithdháileadh faoin gclár píolótach a chaitheamh ar speisialtóir, déan teagmháil leo le do thoil chun do mhianta agus do riachtanais a phlé, chomh maith le cathain a bheidh siad ar fáil.

Tá an liosta thíos roinnte bunaithe ar chatagóirí na hoidhreachta cultúrtha, na hoidhreachta nádúrtha, agus na scileanna tógála & ceardaíochta oidhreachta, ar mhaithe le caoithiúlacht. Ní bhíonn na catagóirí seo comheisiatach i gcónaí, agus tá na speisialtóirí liostaithe faoin gcatagóir is fearr a léiríonn a gcuid saineolais. Faoi gach catagóir, liostaítear speisialtóirí in ord aibítre de réir sloinne.

## Oidhreacht Chultúrtha



### Jenna Byers

**Réimsí saineolais:** Stair (m.sh. 20úC stair na hEorpa, an Ghearmáin Naitsíoch, an Dara Cogadh Domhanda agus an Ostair/Ungáir)

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Ceatharlach, An Cabhán, Baile Átha Cliath, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, An Longfort, Lú, An Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Port Láirge, An Iarmhí, Loch Garman, Cill Mhantáin

**Uimhir theileafóin:** 087 3314200

**Ríomhphost:** jenna.byers@ucd.ie

Déanann Jenna speisialtóireacht i stair na hEorpa san fhichiú haois, ag díriú go sonrach ar chogadh agus ar choimhlint. Cé go mbíonn sí ag plé le stair mhíleata thraidisiúnta, tugann an fócas taighde seo deis di a cuid teagaisc a leathnú chun cur chuige téamach níos leithne a ghlacadh i leith na staire. Ciallaíonn sé seo gur féidir le ceachtanna staire míleata fearúlacht agus inscne a fhiosrú, agus gur féidir le ceachtanna staire polaitiúla baint a bheith acu le rannpháirtíocht pholaitiúil i gcoitinne.
Trí théamaí stairiúla a thabhairt isteach sa lá atá inniu ann, bíonn ceachtanna níos ábhartha do na scoláirí agus cothaítear eispéiris fhoghlama lán de bhrí chun cabhrú le scoláirí na hIdirbhliana a n-áit a aimsiú i ndomhan atá ag athrú de shíor.



## Francesca Cadeddu

**Réimsí saineolais:** Seandálaíocht agus stair (m.sh. stair áitiúil, stair na hÉireann, seandálaíocht na hÉireann)

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana


**Ar fáil do scoileanna i:** Baile Átha Cliath, Cill Dara, Lú, An Mhí, Cill Mhantáin

**Uimhir theileafóin:** 083 8013004

**Ríomhphost:** fran.cadeddu@gmail.com

Is seandálaí gairmiúil (PhD) í Francesca atá paiseanta faoi oideachas a chur ar leanaí agus ar dhaoine óga faoin oidhreacht. Creideann sí go láidir san fhoghlaim ó thaithí do gach aoisghrúpa. Tugann sí deis do scoláirí na hIdirbhliana aithne níos fearr a chur ar a n-oidhreacht áitiúil agus tuiscint níos fearr a fháil ar a háit i stair agus seandálaíocht na hEorpa. Creideann sí má bhíonn deis ag scoláirí foghlaim faoi áiteanna agus tréimhsí éagsúla,
agus tuiscint níos fearr a fháil ar a n-oidhreacht áitiúil, go mbeidh siad in ann dul i ngleic leis an domhan ina mairimid. Má bhíonn siad eolach ar an am atá caite, beidh siad ina saoránaigh níos fearr amach anseo.





## Francesca Callaghan

**Réimsí saineolais:** Seandálaíocht agus stair (m.sh. stair áitiúil, seandálaíocht, séadchomharthaí agus láithreáin stairiúla)

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair)

**Ar fáil do scoileanna i:** Corcaigh, Ciarraí, Luimneach

**Uimhir theileafóin:** 089 4385176

**Ríomhphost:** xarchaeology@gmail.com

Is seandálaí agus oideachasóir oidhreachta í Francesca. Trína cuideachta Explore Archaeology, d'éascaigh sí ceardlanna agus imeachtaí seandálaíochta do leanaí, déagóirí agus daoine fásta ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Déanann sí speisialtóireacht sa tseandálaíocht phoiblí, san fhoghlaim phraiticiúil agus chuimsitheach a fhágann go bhfuil an stair agus an oidhreacht inrochtana do chách.

Méadóidh ceardlanna Idirbhliana Francesca eolas na scoláirí agus cuirfidh siad ar a gcumas tuiscint níos fearr a fháil ar na naisc idir pobail áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda trí eispéiris



foghlama fiúntacha agus taitneamhach.



## Máirtín Curley

**Réimsí saineolais:** Stair áitiúil agus teaghlaigh, ginealas, léamh an tírdhreacha, agus turais siúlóide (m.sh. ag plé go minic le topaicí staire an 19ú hAois & an 20ú haois ar nós An Gorta Mór agus Cogadh na Saoirse agus an Cogadh Cathartha)

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair)

**Ar fáil do scoileanna i:** An Clár, Gaillimh, Liatroim, An Longfort, Maigh Eo, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, An Iarmhí

**Uimhir theileafóin:** 089 4164830

**Ríomhphost:** martinjcurley@gmail.com

Tá Martin ag cur modúil Idirbhliana maidir le stair áitiúil agus teaghlaigh i láthair ó 2013 i leith. Spreagann siad seo na scoláirí chun taighde a dhéanamh agus staidéar a dhéanamh ar a n-áit féin agus ar scéal a dteaghlaigh. Foghlaimeoidh na scoláirí scileanna imscrúdaithe agus taighde agus iad ag bailiú eolais ó raon éagsúil acmhainní lena n-áirítear baill teaghlaigh agus ar líne trí shuíomhanna gréasáin éagsúla. Iarrtar ar na scoláirí, trí scéal a dteaghlaigh féin le 200 bliain anuas a fhiosrú, machnamh a dhéanamh ar na hathruithe idir na glúnta agus ar an gcaoi ar fhorbair ár sochaí dá bharr. Ar chríochnú beidh feasacht níos fearr ag na scoláirí ar a bhfréamhacha agus ar a n-áit sa domhan.



## Bernadette Doherty

**Réimsí saineolais:** Oidhreacht áitiúil le béim ar an tseandálaíocht

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** An Clár, Gaillimh, Luimneach, Maigh Eo, Sligeach, Tiobraid Árann, An Iarmhí

**Uimhir theileafóin:** 086 1003888

**Ríomhphost:** dohertybernadette0@gmail.com **Suíomh gréasáin:** anseo



Tugann Bernie tuiscint do na scoláirí ar an oidhreacht áitiúil, ag díriú ar sheandálaíocht, stair agus acmhainní taighde. Spreagtar foghlaim áitbhunaithe trí thuras allamuigh treoraithe chuig suíomhanna suimiúla áitiúla, ar nós dún, caisleán nó reilig. Déantar staidéar ar chur chuige taighde agus taifeadta, agus seans go bhféadfaí ábhar a ullmhú do shuíomh gréasáin nó do chonair oidhreachta freisin (roinnt cuairteanna ag teastáil). Spreagann Bernie na leanaí chun díriú ar thábhacht na hoidhreachta dóibh féin, dá dteaghlach agus dá bpobal. Is féidir cuairteanna a chur in oiriúint d'ábhair spéise na scoláirí lena n-áirítear stair, tíreolaíocht, ealaín, stair na healaíne, staitisticí, taifeadadh, grianghrafadóireacht, ullmhú agus foilsiú láithreáin ghréasáin, reachtaíocht,

rannpháirtíocht an phobail.

Tá taithí tríocha bliain ag Bernie ag obair sa tseandálaíocht, agus tá sí anois ina cúigiú bliain ag obair mar Sheandálaí Pobail na Gaillimhe le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá maoinithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag an gComhairle Oidhreachta. Tá sí ag obair mar speisialtóir Oidhreacht sna Scoileanna le sé bliana anuas.



## Jeremiah Garsha

**Réimsí saineolais:** Stair (stair chultúrtha & shóisialta, naisc áitiúla & dhomhanda, cultúr ábhartha)

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair)

**Ar fáil do scoileanna sna:** 26 contae i bPoblacht na hÉireann

**Uimhir theileafóin:** 01 7168361

**Ríomhphost:** jeremiah.garsha@ucd.ie **Suíomh gréasáin:** anseo



Is ollamh ollscoile é Jeremiah sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, áit a múineann sé stair chultúrtha agus shóisialta naisc dhomhanda agus áitiúla, ag díriú go príomha ar an 20ú haois. Díríonn a cheardlanna sna scoileanna ar rudaí ábhartha (m.sh. uirlisí ceardaíochta, ealaín, agus ailtireacht) chun blaiseadh a thabhairt do na scoláirí ar thaithí laethúil na hoidhreachta ina bpobail, ina dtithe agus ina dtimpeallacht. Léiríonn sé ansin na naisc idir na 'rudaí' áitiúla seo agus an chuid eile den domhan. Ar an iomlán, tá sé mar aidhm ag ceardlanna Jeremiah cuid den mhistéir a bhaint as saol na hollscoile agus aird a tharraingt ar an saineolas atá ag na scoláirí cheana féin agus a úsáideann siad ina gcuid staidéir agus ina n-idirghníomhaíochtaí.




## Ann Gerety Smyth

**Réimsí saineolais:** Stair áitiúil (trí shuíomhanna agus taifid stairiúla), miotaseolaíocht, béaloideas, scéalaíocht

**Ag tairiscint:** Modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** An cabhán, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Cill Dara, Liatroim, An Longfort, Lú (codanna de), Maigh Eo, An Mhí, Ros Comáin, Sligeach, An Iarmhí

**Uimhir theileafóin:** 086 1717925 **Ríomhphost:** creativeardagh@gmail.com nó geretysmyth@gmail.com **Suíomh gréasáin:** anseo




Baineann ceardlanna Ann le taighde, cuairteanna suímh, miotaseolaíocht, béaloideas, agus ceardaíocht ársa a spreagann dóchas, ómós áite, muintearas, agus cumasú le linn an athraithe aeráide agus corraíl pholaitiúil atá ann faoi láthair. Cuireann an modúl teacht aniar, caomhnú na bithéagsúlachta agus cleachtais inbhuanaithe chun cinn trí bheith ag foghlaim ón am atá thart.

Tá MSc sa Chaomhnú Oidhreachta Domhanda á críochnú ag Ann faoi láthair agus bhí baint aici freisin le hathléirithe Ceilteacha, Lochlannacha agus Normannach i gcomhar le go leor suíomhanna oidhreachta. Tá sí ag tabhairt ceardlanna

ó 2011 le hArdach Ildánach agus tá sí ina hóstach ar go leor tionscadal ealaíne agus oidhreachta de chuid na hIdirbhliana. Is scríbhneoir í Ann freisin.



## Stiofán Mandal

**Réimsí saineolais:** Stair áitiúil, foghlaim phraiticiúil, eolas a bheith agat ar do cheantar, mórtas áite

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Baile Átha Cliath, Cill Dara, Laois, An Mhí, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, Cill Mhantáin

**Uimhir theileafóin:** 087 8539909

**Ríomhphost:** stephen.mandal@irishheritageschool.ie **Suíomh gréasáin:** anseo

Tá Stephen paiseanta faoin seomra ranga faoin aer agus faoin bhfoghlaim ghníomhach, thadhlach. Tá a ghairm bheatha tiomnaithe aige chun tírdhreach, seandálaíocht agus stair na hÉireann a thabhairt chun beatha do chách, ó leanaí luathscoile go mic léinn ollscoile
go pinsinéirí atá fiosrach ó thaobh an chultúir de. Tá Stephen ina chomhbhunaitheoir ar Scoil Allamuigh Seandálaíochta na hÉireann (2005), Scoil Oidhreachta na hÉireann (2016), Turasóireacht Chultúrtha Éireann (2010), agus Dig it Kids (2011). Chomhbhunaigh sé freisin trí thionscadal taighde agus oideachais pobalbhunaithe a bhfuil ardmholadh ag dul dóibh, arbh é an Tionscadal Mainistreach Lár na Tíre an ceann is déanaí díobh, agus chuir sé cainteanna acadúla agus poiblí i láthair ar na tionscadail in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear chuig Músaem Smithsonian agus Institiúid Seandálaíochta Mheiriceá.



## David McLoghlin

**Réimsí saineolais:** Litríocht, scríbhneoireacht chruthaitheach, stair, stair áitiúil

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Laois, Luimneach, Tiobraid Árann, Port Láirge

**Uimhir theileafóin:** 085 1035679 **Ríomhphost:** davidmcloghlin@gmail.com **Suíomh gréasáin:** anseo

Is file é David McLoghlin a bhfuil duaiseanna buaite aige (údar trí leabhar) agus is éascaitheoir é ar an scríbhneoireacht chruthaitheach i suíomhanna ollscoile, scoile agus pobail. Tá taithí fhairsing aige ag múineadh i meánscoileanna, go príomha le clár Filíocht mar Chomóradh UCD, áit ar bhain sé úsáid as macasamhla
de dhoiciméid agus de ghrianghraif ón tréimhse 1913-23 chun rannpháirtíocht na scoláirí a mhéadú trí scríbhneoireacht in-ranga.
Spreag an obair seo, trí níos mó ná 50 uair teagmhála le



scoileanna ar fud Chúige Mumhan, an tairiscint seo ón gComhairle Oidhreachta, ina ndéanann scoláirí machnamh ar an am atá thart trí dhearcthaí éagsúla, rud a thugann deis dóibh scéalta teaghlaigh a fhiosrú laistigh de chomhthéacs staire áitiúil.



## Tori McMorran

**Réimsí saineolais:** Seandálaíocht na hÉireann, réada músaeim, oidhreacht ailtireachta

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** An Clár, Luimneach, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann

**Uimhir theileafóin:** 087 9414620

**Ríomhphost:** torimcm@gmail.com

Is seandálaí í Tori atá ag obair le 25 bliain ar shuíomhanna seandálaíochta agus le músaeim ar fud na hEorpa. Oibríonn sí mar Choimeádaí na mBailiúchán ag Músaem Thomas MacDonagh i gCloch Shiurdáin. Cuirtear cuairteanna in oiriúint don scoil aonair, ag glacadh cur chuige áitbunaithe chun foghlaim faoin stair agus cultúr áitiúil. Déanfaidh na scoláirí eispéireas an mhúsaeim a athchruthú trí réada a bhailiú, aire a thabhairt do bhailiúcháin, digitiú a dhéanamh, taispeántais a chruthú, agus scéalta a chumadh as a dtiocfaidh taispeántas digiteach agus/nó taispeántas ar an láthair.
Dearfaidh na rannpháirtithe músaeim phearsanta ar leith, ag ceiliúradh a gcaidrimh lena n-áiteanna agus lena spásanna féin.



## Dave Swift

**Réimsí saineolais:** Cultúr ábhartha (seandálaíocht) chomh maith le stair mhíleata, pholaitiúil agus shóisialta (m.sh. Éire sna meánaoiseanna déanacha c.1490-1550, Ré na Plandála in Éirinn c.1550-1650, Éire Réabhlóideach 1914-23 agus an Chéad Chogadh Domhanda 1914-18)

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna sna:** 26 contae i bPoblacht na hÉireann

**Uimhir theileafóin:** 087 6803432 **Ríomhphost:** dswift.claiomh@gmail.com **Suíomh gréasáin:** anseo

Tá seisiúin Dave dírithe ar an tseandálaíocht agus ar an stair shóisialta/pholaitiúil/mhíleata ó thréimhsí éagsúla lena n-áirítear: Éire na luath-mheánaoise/Lochlannach, ré na meánaoise déanach/na plandála in Éirinn, an Chéad Chogadh Domhanda 1914-18 (fócas ar an bhFronta Thiar), ré réabhlóideach na hÉireann c.1914-23 agus an Dara Cogadh Domhanda. Reáchtáiltear na seisiúin go léir le PowerPoint agus le rogha mór de dhéantúsáin bhunaidh agus/nó macasamhla atá ar chaighdeán an mhúsaeim. Tugann Dave léargas freisin ar a ghairm bheatha sa tseandálaíocht chomh maith lena róil éagsúla i dtionscal na scannán/teilifíse lena n-áirítear déantóir cathéide, ceardaí



leathair,
cúntóir feistis, fearas stáitse, agus comhairleoir stairiúil/míleata. Is féidir dul ar thurais allamuigh treoraithe chuig músaeim agus séadchomharthaí stairiúla freisin.



## Rachel Uí Fhaoláin

**Réimsí saineolais:** Amhráin agus béaloideas traidisiúnta ag forluí leis an stair (m.sh. trí phobal luathaoise agus cultúir ársa, agus leanúnachas agus athrú thar am) agus tíreolaíocht (m.sh. trí thimpeallacht dhaonna)

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman, Cill Mhantáin

**Uimhir theileafóin:** 087 2988473 **Ríomhphost:** ceolmochroi@gmail.com

Is amhránaí traidisiúnta, bailitheoir béaloidis, taighdeoir, cumadóir amhrán agus oideachasóir í Rachel Uí Fhaoláin. Mar oideachasóir a bhfuil go leor taithí aici, cuireann Rachel cláir thraidisiúnta amhrán & béaloidis ar fáil do gach aois agus éascaíonn sí taighde amhrán, cumadóireacht & tionscadail bhailiúcháin. I measc na dtionscadal tá taighde agus bailiú amhráin áitiúla & béaloideas ón nglúin aosta, amhráin a fhoghlaim agus rannpháirtithe a thaifeadadh ag casadh amháin, nó amhráin nua a scríobh sa stíl thraidisiúnta ar théama ar leith. Tá béim láidir ar áit, ar obair chomhoibritheach, ar rannpháirtíocht gach duine a éascú, agus ar mhuinín a chothú agus sinn ag nascadh lenár n-amhrán traidisiúnta agus oidhreacht béaloidis. Beidh róil ag gach scoláire agus iad ag forbairt a gcuid eolais, scileanna agus luachanna.



# Scileanna tógála & ceardaíochta oidhreachta



## Paddy Byrne

**Réimsí saineolais:** Plástráil aoil thraidisiúnta, oibreacha cartúis, oibreacha cré

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman

**Uimhir theileafóin:** 087 9981801 **Ríomhphost:** paddyfbyrne@yahoo.com

Tá sé tábhachtach do gach scoláire scileanna praiticiúla a fhoghlaim. Tá breis agus cúig bliana is daichead caite ag Paddy Byrne i dtionscal na tógála agus tá meas aige ar ábhair dhúchasacha, aol agus cré san áireamh. Is féidir teacht ar ábhair dhúchasacha go háitiúil, agus baineadh úsáid astu níos minicí go stairiúil. Mar shampla, tógadh go leor de na seanfhoirgnimh in Inis Córthaidh ag baint úsáide as acmhainní ón gceantar áitiúil.



Ba mhaith le Paddy Byrne a chuid eolais ar scileanna tógála oidhreachta a roinnt, lena n-áirítear úsáid ábhar dúchasach, agus tá cuairteanna á dtairiscint aige ar ghrúpaí Idirbhliana chun iad a mhúineadh faoi phlástráil aoil le puití aoil gruaige, síleálacha lata, próifílí coirnise, leachtbhrat aoil, deisiúcháin cré agus brící cré a dhéanamh.



## Helena Golden

**Réimsí saineolais:** Fíodóireacht saileach agus caoladóireacht

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair)

**Ar fáil do scoileanna i:** An Cabhán, Liatroim, An Longfort, Ros Comáin, Sligeach

**Uimhir theileafóin:** 087 6791180
**Ríomhphost:** thewillowwoman@gmail.com **Suíomh gréasáin:** anseo



Is ceardaí Éireannach le go leor taithí í Helena a bhfuil an-dúil aici sa chaoladóireacht, sa dúlra, sa sealgaireacht agus san fhíodóireacht. Le taithí na mblianta ag múineadh cineálacha éagsúla caoladóireachta agus ceardaíochta, tugann sí chun beatha croílár cheird oidhreachta na hÉireann atá inbhuanaithe, neamhdhíobhálach don timpeallacht agus cabhraíonn sí le scoláirí ceangal a dhéanamh lena dtimpeallacht nádúrtha, ceardaíocht thadhlach na fíodóireachta saileach a fhoghlaim agus tuilleadh a fhoghlaim faoin mbealach a rinne agus a d'úsáid ár sinsir ciseáin ar bhonn laethúil i dtithe agus i

bhfeirmeacha na hÉireann.



## Sara Leach

**Réimsí saineolais:** Tuíodóireacht agus scileanna gaolmhara


**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair)

**Ar fáil do scoileanna i:** Ceatharlach, Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh, Port Láirge, Loch Garman, Cill Mhantáin

**Uimhir theileafóin:** 083 0311371 **Ríomhphost:** sjl.thatch@gmail.com
**Suíomh gréasáin:** anseo

In éineacht le Sara, atá ina thuíodóir le 4 bliana agus a chríochnaigh a printíseacht le déanaí, pléifidh na scoláirí teicnící tógála traidisiúnta, ábhair agus an chaoi ar tháinig an tuíodóireacht chun cinn le himeacht ama. Foghlaimeoidh na scoláirí faoi thábhacht na tuíodóireachta in oidhreacht chultúrtha na hÉireann chomh maith lena hacmhainneacht inbhuanaitheachta. Is féidir leis na scoláirí triail a bhaint as a bheith ag tuíodóireacht le giolcach uisce a bhaintear as Abhainn na Sionainne ar dhíon beag bréige ag baint úsáide as uirlisí traidisiúnta. Beidh stair áitiúil agus oidhreacht thógtha san áireamh sna cuairteanna freisin, chun ceangal níos fearr a dhéanamh le taithí saoil na scoláirí. Is féidir foghlaim faoi cheirdeanna traidisiúnta eile a bhaineann leis an tuíodóireacht freisin.





## Killian O'Flaherty

**Réimsí saineolais:** Saoirseacht chloiche agus scileanna gaolmhara

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna sna:** 26 contae i bPoblacht na hÉireann


**Uimhir theileafóin:** 087 7659564
**Ríomhphost:** info@oflahertystone.com **Suíomh gréasáin:** anseo

Tá Killian, a bhfuil dúil mhór aige san oidhreacht, i mbun gnó rathúil saoirseachta cloiche, O'Flaherty Stone, i mBaile an Chnocáin, Contae Chill Mhantáin. Ainmníodh Killian do go leor gradam as a chuid oibre agus tá go leor buaite aige, lena n-áirítear Gradam Contae Chill Mhantáin don tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta 2023 le déanaí.

Múineann Killian saoirseacht cloiche agus tá sé i ndiaidh a dheirfiúr Petra a ghlacadh mar phrintíseach (an chéad phrintíseach cloiche baineann a cláraíodh in Éirinn le breis agus 30 bliain). Tá Killian ag iarraidh a chuid eolais ar obair chloiche a roinnt le scoláirí na hIdirbhliana. I measc a shaineolais tá na gníomhaíochtaí seo a leanas: snoíodóireacht litreacha traidisiúnta lámhghearrtha,



múnlú maisiúil agus dealbhóireacht, snoíodóireacht obair shnaidhme Cheilteach, caomhnú saoirseachta, agus ballarach cloiche singile.



## Matt Whelan

**Réimsí saineolais:** Tuíodóireacht (stair agus cleachtas) agus scileanna gaolmhara

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán) & Modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Ceatharlach ,Cill Dara (theas), Cill Chainnigh, Laois, Port Láirge, Loch Garman, Cill Mhantáin

**Uimhir theileafóin:** 086 1736860
**Ríomhphost:** mattthethatcher@gmail.com **Suíomh gréasáin:** anseo

Tá trí bliana is tríocha caite ag Matt ag foghlaim faoin tuíodóireacht. Thosaigh sé le clár dhá bhliain agus ghnóthaigh sé Teastas Cosaire/City and Guilds sa tuíodóireacht agus sa tuíodóireacht ghiolcaí. Tugann sé léargas tosaigh do scoláirí na hIdirbhliana ar ghnéithe praiticiúla na tuíodóireachta, chomh maith lena stair. Is mian leis foghlaimeoirí a spreagadh lena lámha agus a gcinn a úsáid chun rudaí a thógáil as na hábhair dhúchasacha atá le fáil mórthimpeall orthu.



# Oidhreacht nádúrtha



## Katriina Bent

**Réimsí saineolais:** Gníomhaíocht phobail agus bithéagsúlacht, idirghníomhú daonna leis an gcomhshaol nádúrtha, oidhreacht phobail, bithéagsúlacht i suíomhanna uirbeacha, éiceolaíocht athchóirithe, eolaíocht saoránach

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman **Uimhir theileafóin:** 085 8522733 **Ríomhphost:** bentkatriina@gmail.com



Tá sé mar aidhm ag clár Idirbhliana Katriina cabhrú le scoláirí tionchar dearfach a bheith acu ar ár n-oidhreacht bhithchultúrtha agus ar theacht aniar na haeráide. Cuireann sé eispéireas foghlama gníomhach agus tarraingteach ar fáil do na scoláirí trí thaighde gníomhaíochta agus eolaíocht saoránach. Tá tuiscint ar na bunphrionsabail a bhaineann le spleáchas an duine ar sheirbhísí éiceachórais, idirnascthacht, agus an gá atá le pobail láidre mar bhonn agus mar thaca ag an gclár seo. Is iad na príomhaidhmeanna atá aige ná: (1) fíorthuiscint ar mhaoirseacht a chothú agus; (2) tionscadail chomhoibritheacha athchóirithe éiceolaíochta a chruthú inár gcomharsanachtaí ilchultúrtha atá ag athrú go tapa. Tá béim láidir ag an gclár ar fhoghlaim áitbhunaithe, amuigh faoin aer. Tabharfar deis do na scoláirí cur lena bhforás pearsanta chomh maith leis an gcomhpháirteachas poiblí. Foghlaimeoidh na scoláirí scileanna taighde inaistrithe a chuirfidh lena bhforbairt gairme amach anseo.



## Annette Corkery

**Réimsí saineolais:** Gairdíní scoile, ag dearadh spásanna lasmuigh le fócas ar an oidhreacht agus an bhithéagsúlacht áitiúil

**Ag tairiscint:** Modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** An Cabhán, Liatroim, An Longfort, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, An Iarmhí

**Uimhir theileafóin:** 086 3027602
**Ríomhphost:** ardaghart@gmail.com **Suíomh gréasáin:** anseo

Is minic nach gcomhlíonann spásanna lasmuigh a n-acmhainneacht mar thimpeallachtaí foghlama gníomhach. Mar dhearthóir buantalmhaíochta agus speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna, d’oibrigh Annette le go leor scoileanna chun an acmhainneacht seo a bhaint amach, ag cabhrú leis na scoláirí spásanna a dhearadh agus a chruthú a fheabhsaíonn folláine, a chothaíonn muintearas, agus a chuireann deiseanna ar fáil chun aithne a chur ar an oidhreacht agus an bhithéagsúlacht



áitiúil. Agus iad ag foghlaim faoin bhforbairt inbhuanaithe, ag smaoineamh mar dhearthóirí, ag réiteach fadhbanna agus ag baint úsáide as a gcruthaitheacht, faigheann na scoláirí an deis gairdín nó seomra ranga lasmuigh a thógáil atá uathúil dóibh agus is féidir le pobal na scoile ar fad é a úsáid mar áit machnaimh agus taiscéalaíochta ar fud an churaclaim.



## Una Halpin

**Réimsí saineolais:** Bithéagsúlacht, geolaíocht, tírdhreach agus léarscáileanna

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann (codanna de), Loch Garman (codanna de), Cill Mhantáin (codanna de)

**Uimhir theileafóin:** 087 4125649
**Ríomhphost:** una@wildwaysadventures.ie

Tá Una Halpin ina ball de phainéal bunscoileanna Oidhreacht sna Scoileanna ó 2008 agus tá taithí fhairsing aici ar cheardlanna iar-bhunscoile a reáchtáil. Is féidir le Una, a bhfuil BSc sa Gheolaíocht agus MSc san Innealtóireacht Chomhshaoil aici, oibriú leat chun modúl idirghníomhach a chruthú a úsáideann léarscáileanna agus acmhainní ar líne in éineacht le hobair allamuigh chun cineál carraige, gnéithe tírdhreacha, bithéagsúlacht agus oidhreacht i do scoil nó i do cheantar áitiúil a mheas, ag críochnú le tionscadail faoi stiúir na scoláirí chun a n-oidhreacht nádúrtha áitiúil a léirmhíniú nó chun an bhithéagsúlacht ina scoil nó ina bpobal a fheabhsú. Is féidir léi ceardlanna aonuaire ar an oidhreacht nádúrtha a reáchtáil freisin.



## Aengus Kennedy

**Réimsí saineolais:** Oidhreacht nádúrtha, lena n-áirítear bithéagsúlacht agus athrú aeráide

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair)

**Ar fáil do scoileanna i:** Dún na nGall

**Uimhir theileafóin:** 086 8123019
**Ríomhphost:** naturenthwest@gmail.com **Suíomh gréasáin:** anseo

Tá staidéar abhann agus staidéir éiceolaíochta á reáchtáil ag Aonghus do scoláirí na hArdteistiméireachta le 8 mbliana anuas agus tá sé anois ag tairiscint buntreoir ar an éiceolaíocht/bhithéagsúlacht do scoláirí na hIdirbhliana. Is éard atá i gceist leis seo ná obair sa seomra ranga ar an éiceolaíocht chomh maith le turas allamuigh chuig suíomh áitiúil a thugann deis do na scoláirí foghlaim faoin mbithéagsúlacht ina gceantar. Is féidir leis na múinteoirí agus na scoláirí rogha a dhéanamh idir fócas ar éiceolaíocht coillearnaí, portaigh nó dumhcha gainimh. Cuirtear seisiúin ranga ar fáil trí chur i láthair agus trí ábhair foghlama tarraingteacha ar nós mamaigh stuáilte dúchasacha. Baineann turais allamuigh le gníomhaíochtaí cosúil le modhanna éagsúla chun



feithidí a sheilg, traschrios líneach, staidéir cháilíochtúla ar fhásra agus tosca aibitheacha.



## David McCann

**Réimsí saineolais:** Bithéagsúlacht mhuirí agus eolaíocht saoránach

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Dún na nGall

**Uimhir theileafóin:** 089 2581270
**Ríomhphost:** daviddivermccann@gmail.com **Suíomh gréasáin:** anseo

Is bitheolaí mara agus tumadóir scúba é David McCann, comhbhunaitheoir The Sea Collective, a bhfuil an-taithí aige ar chláir bhithéagsúlachta mhuirí atá tarraingteach agus éifeachtach a chruthú, fiosracht a spreagadh, agus rannpháirtíocht san eolaíocht saoránach mara a spreagadh. Le linn a mhodúil comhoibritheach 6 seachtaine Idirbhliana,



foghlaimeoidh na scoláirí faoi bhithéagsúlacht mhara dochreidte na hÉireann agus beidh sé ar a gcumas monatóireacht a dhéanamh ar fholláine a gcósta áitiúil. Spreagfaidh a cheardlanna na scoláirí chun níos mó ama a chaitheamh amuigh faoin aer trí bhród agus freagracht as a dtimpeallacht mhuirí áitiúil a chothú, chomh maith lena bhfolláine choirp agus mheabhrach a fheabhsú trí dhul i dteagmháil le spásanna gorma.



## Niamh Ní Dhúill

**Réimsí saineolais:** Oideachas dúlra & bithéagsúlachta, garraíodóireacht bia éiceolaíoch

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** Ciarraí

**Uimhir theileafóin:** 086 7247066
**Ríomhphost:** niamh@naturalwildgardens.ie **Suíomh gréasáin:** anseo

Is féidir le Niamh cabhrú le daltaí aithne a chur ar nádúr na scoile agus gairdín scoile a fhás don dúlra agus don bhithéagsúlacht. Tá cúlra ag Niamh sna heolaíochtaí nádúrtha agus sna scileanna praiticiúla a bhaineann le garraíodóireacht leis an dúlra, agus is féidir léi cabhrú le scoláirí agus le múinteoirí aithne a chur ar na plandaí agus na gnáthóga fiáine atá ar thailte na scoile. Baineann a cuid oibre le siúlóidí dúlra, ag cruthú agus ag tabhairt aire do ghnáthóga, agus ag fás bia ilbhliantúil i ngairdíní fiáine nádúrtha. Is féidir le Niamh cabhrú le scoileanna maidir le: conas spásanna dá leithéid a phleanáil, a chruthú, idirghníomhú leo agus aire a thabhairt dóibh; pleananna a chruthú do ghnáthóga nua; agus conas iad a nascadh le chéile ar mhaithe leis an bhfiadhúlra go léir.

Cabhróidh Niamh le scoláirí fáil amach faoi na naisc idir an chaoi a gcaitheann muid ár saol laethúil agus an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith againn ar

dhíghrádú an chórais nádúrtha, ar chaillteanas bithéagsúlachta, ar athrú aeráide, agus ar éagothroime sóisialta. Bíonn na ceardlanna idirghníomhach, praiticiúil, bunaithe ar scileanna, go hiomlán taobh amuigh agus dátheangach (as Gaeilge agus Béarla).



## Albert Nolan

**Réimsí saineolais:** Spriocanna Forbartha inbhuanaithe, bithéagsúlacht, gairdíní scoile a fhorbairt (lena n-áirítear pailneoir, inite agus céadfach), tionscadail eolaíochta talmhaíochta

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** An Clár, Corcaigh, Cill Chainnigh, Laois, Luimneach, Tiobraid Árann, Port Láirge

**Uimhir theileafóin:** 089 4230502 **Ríomhphost:** albert.nolan@rocketmail.com

Tá breis agus 30 bliain de thaithí ag Albert ag obair le scoileanna. Cuireann sé cláir folláine ar fáil do dhaoine óga ag Feirm Orgánach Shóisialta Doon i mBealach Eabhra, trí ghairneoireacht, cúram ainmhithe agus cócaireacht táirgí séasúracha. Tá Dioplóma san Obair Óige agus Pobail aige, tá cúlra aige sa ghairneoireacht orgánach, agus oibríonn sé mar speisialtóir ialtóga, bithéagsúlachta agus garraíodóireachta de chuid Oidhreacht sna Scoileanna.

Is maith le Albert gairdíní scoile a fhorbairt le go leor idirghníomhaíochta idir na múinteoirí agus na scoláirí, agus déanann a cheardlanna freastal ar gach leibhéal cumais le ceardlanna gearra lae nó cláir níos faide. Forluíonn obair Albert leis na réimsí ábhair seo a leanas: eolaíocht talmhaíochta, eacnamaíocht bhaile, agus Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil.



## Siobhán Sloane

**Réimsí saineolais:** An tsochaí agus an dúlra: an gaol idir daoine agus an comhshaol

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair) & modúil Idirbhliana

**Ar fáil do scoileanna i:** An Cabhán, An Clár, Gaillimh, Luimneach, An Longfort, Maigh Eo, An Mhí, Ros Comáin, Sligeach, An Iarmhí

**Uimhir theileafóin:** 085 8035227 **Ríomhphost:** siobhan@creativebynature.ie
**Suíomh gréasáin:** anseo

Is speisialtóir oidhreachta í Siobhán a úsáideann foghlaim ghníomhach agus áitbhunaithe chun cabhrú le scoláirí naisc bhríocha a chruthú lena n-oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha. I réimse na hoidhreachta nádúrtha agus na bithéagsúlachta, tugann Siobhán deis do scoláirí monatóireacht a dhéanamh ar athruithe séasúracha ina dtimpeallacht áitiúil agus ina mbithéagsúlacht, agus ár n-áit sa timpeallacht dhomhanda agus i ngréasán na beatha a mheas. Is féidir leis na scoláirí oibriú ar thionscadail chomhoibritheacha, ag baint úsáide as léarscáileanna agus teicneolaíochtaí digiteacha.

I réimse na hoidhreachta cultúrtha, spreagann Siobhán na scoláirí le fáil amach faoi chultúr ábhartha agus faoin gcaoi ar úsáideadh ábhair nádúrtha go traidisiúnta. Mar chuid de seo, is féidir leis na scoláirí fiosrú a dhéanamh ar an tionchar seachtrach a bhí

ag daoine nua ag teacht go hÉirinn le linn na staire. Is féidir le Siobhán cabhrú le scoláirí freisin le scrúdú a dhéanamh ar ailtireacht dhúchasach ina gceantar áitiúil. Is féidir leis an obair seo comhpháirteachas poiblí a spreagadh i measc scoláirí agus is éard atá i gceist leis ná úsáidí athraitheacha foirgneamh a rianú. Foghlaimeoidh na scoláirí faoi chaomhnú, athchóiriú agus athsholáthar, agus cuirfidh siad scileanna smaointeoireachta criticiúla i bhfeidhm ar chur chuige éagsúla i leith na hoidhreachta tógtha.



## Karen van Dorp

**Réimsí saineolais:** Oideachas oidhreachta áitbhunaithe (lena n-áirítear eolaíochtaí nádúrtha, bithéagsúlacht srl.)

**Ag tairiscint:** Cuairteanna lae (lá iomlán, leathlae & seisiúin aonair)

**Ar fáil do scoileanna sna:** 26 contae i bPoblacht na hÉireann

**Uimhir theileafóin:** 091 638096 **Ríomhphost:** karen@burrenbeo.com
**Suíomh gréasáin:** anseo

Is bitheolaí uileghabhálach í Karen, le céim MSc sa Bhitheolaíocht Éabhlóideach agus san Fhíligéineolaíocht, cúlra i mbainistíocht bailiúcháin stair an dúlra agus spéis leathan san oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha. Theastaigh uaithi a bheith níos rannpháirtí i gcaomhnú agus oideachas gníomhach an dúlra, agus d'oibrigh sí mar éiceolaí i bhformhór na réigiún in Éirinn, mar Oifigeach Leasa don Ghrúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna agus mar Phríomhthreoir NPWS i dTearmann Dúlra Choill an Droma Mhóir. Bainistíonn agus reáchtálann sí turais for-rochtana agus allamuigh de chuid Iontaobhas Burrenbeo anois. Rinne Karen speisialtóireacht ar fhoghlaim áitbhunaithe trí Burrenbeo - ag foghlaim faoi áit, trí áit, le haghaidh áite. Le linn cuairteanna scoile do scoláirí na hIdirbhliana, déantar gach gné den cheantar áitiúil a fhiosrú (oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha) trí chur i láthair agus trí ghníomhaíochtaí laistigh/lasmuigh.



# Oidhreacht sna Scoileanna

An Chomhairle Oidhreachta, Áras na hOidhreachta,
Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
T +353 56 777 0 777

**www.heritageinschools.ie**

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council